Bodhar agus dall

You are the arm that I hold
I am the hand that receives
your sign and touch
Are you there?
Is that You?
Let me know that you care.

Ó 'Are You There' le Carol Pollington; duine fásta atá bodhar agus dall, ó
http://www.sense.org.uk/OneStopCMS/Core/CrawlerResourceServer.aspx?resource=5fd3fa003ca245778677da8bfda9e2d0&mode=link&guid=f4dcb955c3a74f2481e69a3d532fd51d

Tá caillteanas amhairc agus éisteachta araon ag daltaí atá bodhar agus dall (tugtar an t-ainm "daoine le laigí déchéadfacha" orthu freisin), agus mar thoradh air seo, bíonn deacrachtaí cumarsáide acu, bíonn deacracht acu teacht ar eolas agus bíonn deacrachtaí soghluaisteachta acu. Ní féidir le daltaí atá bodhar agus dall foghlaim go teagmhasach nó trí aithris. Foghlaimíonn siad go mall, ach ní hionann sin agus a rá go bhfuil deacrachtaí foghlama cognaíocha acu. Go hiondúil i gcás daltaí atá bodhar agus dall tá siad i gceithre ghrúpa:

Grúpa 1: beirtear bodhar agus dall iad, rud a tharla mar shampla má bhí Rubella (an bhruitíneach dhearg) ar an máthair le linn di a bheith ag iompar clainne.

Grúpa 2: beirtear bodhar iad agus ansin cailleann siad a n-amharc. Bíonn siondróm Usher ina chionsiocair leis seo - (féach leathanach 20) tá bodhaire ann ar dtús agus ansin tagann laghdú san amharc mar thoradh ar retinitis pigmentosa (amharc tolláin).

Grúpa 3: beirtear dall iad agus ansin cailleann siad a n-éisteacht.

Grúpa 4: cailleann siad a n-éisteacht agus a n-amharc, mar gheall ar sheanaois go hiondúil, nó trí thinneas nó trí thimpiste.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Is gá béim a chur ar fhorbairt choincheapúil agus ar iniúchadh ar an timpeallacht le haghaidh daltaí atá bodhar agus dall. Cuir deiseanna ar fáil dóibh chun iniúchadh a dhéanamh ar a dtimpeallacht agus chun í a thuiscint agus a smachtú.
- Go minic bíonn deacrachtaí ag daltaí atá bodhar agus dall le ginearálú scileanna agus coincheap ó chás amháin go cás eile agus teastaíonn teagasc sainiúil uathu i nginearálú.
- Ba chóir eolas céadfach a chur ar fáil (m.sh. feasacht ar bhrú agus teocht, cothromaíocht, boladh, blas agus tadhall) mar gur bealaí foghlama tábhachtacha iad seo don dalta.
- Spreag idirghníomhú bríoch idir an dalta agus duine fásta – idirghníomhú a fhreagraíonn don dalta in áit idirghníomhú a threoraíonn an dalta.
- Cuir béim ar shoghluaisteacht agus ar fhorbairt feidhmeanna láimhe. Tá sé seo riachtanach le haghaidh daltaí atá bodhar agus dall, a úsáideann a gcuid lámha i gcomhair iniúchta, eolais agus cumarsáide i bhfad níos mó ná a gcuid piaraí a bhfuil amharc agus éisteacht acu.



Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Aitken, S., Buultjens, M., Clark, C., Eyre, J.T. agus Pease, L. (2000) *Teaching Children Who are Deafblind: Contact, Communication and Learning*, Londain: David Fulton Publishers.
2. Anne Sullivan Foundation for Deafblind People, láithreán gréasáin: http://www.annesullivan.ie/
3. Aonad Braille Chnoc an Arbhair, Príosún Chnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7. Teil: 01 6732949.
4. Deafblind UK, láithreán gréasáin: http://www.deafblind.org.uk/home.html
5. Sense (carthanacht Bodhar agus Dall de chuid na Ríochta Aontaithe), láithreán gréasáin: http://www.sense.org.uk/